II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1754 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 lena leasaítear Rialacháin áirithe lena bhforchuirtear bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais ar tháirgí áirithe cruach atá faoi réir beart coimirce

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/477 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le bearta a fhéadfaidh an tAontas a dhéanamh i ndáil le héifeacht chomhcheangailte beart frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais agus beart cosanta ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([2]), d'fhorchuir an Coimisiún beart coimirce maidir le táirgí áirithe cruach ar feadh tréimhse 3 bliana. Tá na bearta sin i bhfoirm cuótaí ráta taraife is infheidhme le haghaidh tréimhsí sonraithe, de réir na mbeart céanna is iníoctha dleacht taraife 25 % os cionn an chuóta i gcás ina bhfuil allmhairí os cionn tairseach shonraithe a chomhfhreagraíonn don mheánleibhéal allmhairí sna blianta 2015 go 2017. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún ([3]), chuir an Coimisiún síneadh le cur i bhfeidhm an bhirt coimirce ar feadh 3 bliana, go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 ón gCoimisiún ([4]), chuir an Coimisiún sásra ar bun ionas nach ndéanfaí an dleacht taraife sin os cionn an chuóta a chur i bhfeidhm ag an am céanna le bearta frithdhumpála agus/nó frithchúitimh is infheidhme freisin maidir le roinnt de na táirgí cruach.

(3) Chun na críche sin, san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 liostaíodh na bearta frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais uile ar tháirgí atá faoi réir an bhirt coimirce freisin ag an am, agus sonraíodh an dleacht frithdhumpála agus/nó frith-fhóirdheontais ar cheart feidhm a bheith aici a nuair is infheidhme an taraif os cionn an chuóta.

(4) An 6 Iúil 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1100 ón gCoimisiún ([5]) d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar tháirgí comhréidhe teo-rollta áirithe atá déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Tuirce.

([1]) IO L 83, 27.3.2015, lch. 11.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce chinntitheacha ar allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 225 I, 25.6.2021, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Rialacháin áirithe agus lena bhforchuirtear bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais ar tháirgí cruach áirithe atá faoi réir bearta coimirce (IO L 227, 3.9.2019. lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1100 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach, agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar tháirgí comhréidhe teo-rollta áirithe atá déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Tuirce (IO L 238, 6.7.2021, lch. 32).

(5) An sásra lena gcinntítear nach ndéantar bearta a chur i bhfeidhm ag an am céanna, ba cheart feidhm a bheith aige maidir leis na táirgí seo ós rud é go bhfuil siad sin faoi réir an bhirt coimirce freisin. Ba cheart an iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 a leasú, dá bhrí sin, chun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1100 a áireamh inti.

(6) Chun trédhearcacht a áirithiú le haghaidh na n-oibreoirí eacnamaíocha, sa todhchaí, le gach Rialachán lena bhforchuirtear frithdhumpáil agus/nó frith-fhóirdheontas maidir le táirgí cruach atá faoi réir an bhirt coimirce freisin, áireofar forálacha sonracha ionas nach gcuirfear i bhfeidhm iad ag an am céanna leis an dleacht taraife choimirce os cionn an chuóta.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Ionstraimí Cosanta Trádála,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 mar a leanas:

(1) in IARSCRÍBHINN 1.B "Liosta na rialachán lena bhforchuirtear bearta frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ar na táirgí atá faoi réir an bhirt coimirce", cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"20) RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1100 ÓN gCOIMISIÚN an 5 Iúil 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach, agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar tháirgí comhréidhe teo-rollta áirithe atá déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Tuirce, IO L 238, 6.7.2021, lch. 32."

(2) in IARSCRÍBHINN 2 "Rátaí dleachtanna frithdhumpála agus/nó frithchúitimh is infheidhme ar choinníoll go bhfuil dleacht choimirce dlite ar an táirge céanna", cuirtear an IARSCRÍBHINN 2.19 seo a leanas isteach:

"IARSCRÍBHINN 2.19

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1100 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach, agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar tháirgí comhréidhe teo-rollta áirithe atá déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Tuirce (IO L 238, 6.7.2021, lch. 32).

Tír	**Cuideachta**	**Cód breise TARIC**	**Dleacht frithdhumpála chinntitheach bhunaidh**	**Dleacht frithdhumpála nuair atá an beart coimirce dlite**
An Tuirc	Çolakoğlu Metalurji A.Ş.	C602	7,3 %	0,0 %
An Tuirc	Grúpa Erdemir: — Ereğli Demir ve Çelik Fabrikalari T.A.S. — İskenderun Demir ve Çelik A.Ş.	C603	5,0 %	0,0 %
An Tuirc	Habaş Sinai ve Tibbi Gazlar İstihsal Endüstrisi A.Ş	C604	4,7 %	0,0 %
An Tuirc	Ağir Haddecilik A.Ş.	C605	5,7 %	0,0 %
An Tuirc	Borçelik Çelik Sanayii Ticaret A.Ş.	C606	5,7 %	0,0 %
An Tuirc	Gach cuideachta eile	C999	7,3 %	0,0 %"

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN